Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028:
## Treoracha Gairide do Scoileanna

## TREOIR 5: CAD IS CURACLAM AR MHÓRÁN EOLAIS ANN?



# Cuspóir na treorach seo

Ceann de na gnéithe is suntasaí de Churaclam Thuaisceart Éireann atá beartaithe ná go bhfuil sé tiomanta do chur chuige ar mhórán eolais a chur ar fáil. Míníonn an treoir seo cad is curaclam ar mhórán eolais ann, cad chuige gur prionsabal lárnach de leasú curaclaim é agus cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis do scoileanna atá i mbun cleachtaidh.

# Cad chuige a bhfuil eolas chomh tábhachtach?

Tháinig an tAthbhreithniú Straitéiseach ar an chonclúid gurb é ceann de na laigí bunúsacha atá sa churaclam reatha an easpa soiléireachta fá na rudaí ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim agus cá huair ba chóir dóibh é a fhoghlaim. Is minic a bhíonn mar thoradh air seo go gcaithfidh scoileanna cinntí curaclaim a dhéanamh a d'fhéadfaí a chinneadh níos oiriúnaí ag leibhéal an chórais. Dá bharr sin, d'fheadfadh go mbíonn teidlíochtaí curaclaim éagsúla ag daltaí ag brath ar an scoil a bhfreastalaíonn siad uirthi.

San t-athbhreithniú  leagtar béim ar fhianaise idirnáisiúnta atá ag fás ó thaighde ar an eolaíocht chognaíoch agus ar an churaclam a léiríonn go bhfuil ról lárnach ag eolas san fhoghlaim. Ní bhíonn daltaí in ann smaoineamh go criticiúil, fadhbanna a réiteach, cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ná a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm muna bhfuil eolas daingean acu ar féidir leo tarraingt air.

Léiríonn sé seo athrú tábhachtach béime. In áit smaoineamh ar eolas agus scileanna mar thosaíochtaí ar leithligh nó atá comhsháraitheach, measann an curaclam atá beartaithe gurb é an t-eolas an bunús ar a bhforbraítear scileanna, tuiscint agus cumais.

# Cad is brí le 'Ar Mhórán Eolais'?

**Is curaclam ar mhórán eolais curaclam a shainaithníonn go soiléir an t-eolas, na coincheapa agus an stór focal ba chóir do dhaltaí a fhoghlaim agus a chinntíonn go bhfuil an fhoghlaim seo curtha in ord go cúramach ar fud an churaclaim.**

Go praiticiúil, baineann sé seo leis an mhéid a leanas:

- sonraítear eolas tábhachtach seachas é a fhágáil faoi chinniúint;
- Tógtar an fhoghlaim de réir a chéile le himeacht ama;
- déantar athbhreithniú ar an eolas agus neartaítear é;
- forbraíonn daltaí tuiscint atá ag éirí níos sofaisticiúla; agus
- Tá soiléireacht níos fearr ag múinteoirí fá thosaíochtaí an churaclaim.

Aithníonn dearadh curaclaim ar mhórán eolais gur rud carnach í an fhoghlaim. Nuair is féidir le foghlaim nua ceangal a dhéanamh le heolas atá coinnithe cheana féin sa chuimhne fhadtéarmach, feidhmíonn sí ar an bhealach is éifeachtaí. Dá bhrí sin, ní mór ábhar an churaclaim a chur in ord go cúramach ionas go mbeidh acu na bunghnéithe a theastaíonn ó na daltaí le smaointe níos casta a thuiscint níos déanaí.

# An t-eolas agus an dóigh a bhfhoghlaimíonn páistí

Bhí tionchar lárnach ag forbairtí san eolaíocht chognaíoch ar leasú an churaclaim.

Tugann taighde le fios go mbraitheann foghlaim ar charnadh eolais de réir a chéile sa chuimhne fhadtéarmach. De réir mar a fhoghlaimíonn agus a nascann daltaí eolas, forbraíonn siad samhlacha meabhracha, ar a dtugtar scéimire go minic, a chuidíonn leo ciall a bhaint as eolas nua agus patrúin a aithint ar bhealach níos éifeachtaí.

Nuair a bhíonn eolas sa chúlra daingean, cuirtear daltaí in áit níos fearr le:

- tuiscint a fháil ar a léann siad;
- páirt a ghlacadh sa phlé;
- faisnéis a anailísiú;
- fadhbanna a réiteach; agus
- foghlaim a aistriú chuig comhthéacsanna nua.

Gan na bunghnéithe seo, bíonn an fhoghlaim i bhfad níos deacra mar go gcaithfidh daltaí a n-aird a dhíriú ar eolas bunúsach a thuigbheáil seachas dul i mbun smaointeoireachta níos doimhne.

# Eolas agus cothromas

Ceann de na hargóintí is láidre i bhfabhar curaclam ar mhórán eolais ná a chumas le cothromas oideachais a mhéadú.

Ní bhíonn an taithí chéanna, an stór focal, an t-eolas cúlra céanna ná an rochtain chéanna ar dheiseanna cultúrtha ag gach páiste agus iad ag tosú ar scoil. Tagann cuid de na daltaí ar scoil i ndiaidh dóibh taithí fhairsing a fháil ar leabhair, ar phlé agus ar eispéiris a thacaíonn leis an fhoghlaim. B'fhéidir nach mbeadh an buntáiste céanna ag páistí eile.

Nuair a bhíonn ionchais churaclaim doiléir, féadfaidh scoileanna cinntí an-difriúla a dhéanamh fá na rudaí a theagasctar. Is féidir leis seo neamhionannais a leathnú mar go bhfaigheann roinnt daltaí rochtain ar eolas agus ní fhaigheann cuid eile dóibh.

Tá sé mar aidhm ag curaclam ar mhórán eolais aghaidh a thabhairt ar an cheist seo fríd an eolas atá i dteideal ag gach dalta a fhoghlaim a shainiú go soiléir. Ar an dóigh seo, is ceist teidlíochta oideachais seachas seans í an t-eolas.

Sin é an fáth a nascann an clár leasaithe dearadh curaclaim ar mhórán eolais arís agus arís eile leis an uaillmhian níos leithne le sármhaitheas agus cothromas araon a chinntiú ar fud an chórais oideachais.

# Cad é atá i gceist le dearadh agus leagan amach curaclaim ar mhórán eolais?

Eagraítear curaclam ar mhórán eolais i dtaca le hábhair agus ar dhisciplíní mar is fríd ábhair a fhaigheann daltaí rochtain ar chineálacha speisialaithe eolais agus ar bhealaí smaointeoireachta.

Taobh istigh d'ábhair, leagtar an fhoghlaim amach go cúramach sa dóigh is:

- go dtugtar isteach an t-eolas bunúsach go luath;
- go ndéantar athbhreithniú ar choincheapa tábhachtacha;
- go bhforbraítear an stór focal go córasach;
- go bhfásann an tuiscint i dtéarmaí doimhneachta agus castachta; agus
- go bhfuil an dul chun cinn pleanáilte go soiléir.

Mar shampla, forbraítear eolas stairiúil fríd thuiscint dhaingean ar chroineolaíocht, ar imeachtaí suntasacha, ar dhaoine agus ar choincheapa. Forbraíonn tuiscint eolaíoch fríd eolas atá curtha in ord go cúramach a chuireann ar chumas daltaí smaointe eolaíocha atá ag éirí níos casta a thuiscint. Forbraítear tuiscint mhatamaiticiúil fríd sheicheamh d'aon ghnó coincheapa agus nósanna imeachta a thacaíonn le foghlaim níos déanaí.

Cuirtear an bhéim ar chuidiú le daltaí nósanna láidre a thógáil ag an tús a thacaíonn le foghlaim amach anseo seachas teacht ar thopaicí scoite nó ar ghníomhaíochtaí scoite.

# Míthuiscintí fá churaclam ar mhórán eolais

Tá roinnt míthuiscintí ann fá dhearadh curaclaim ar mhórán eolais.

**Ní bhaineann** curaclam ar mhórán eolais leis an mhéid seo a leanas:

- bailiúchán fíricí neamhcheangailte;
- cuimhneamh de ghlanmheabhair gan tuiscint;
- cur chuige docht i leith an teagaisc;
- laghdú ar chruthaitheacht;
- diúltú scileanna agus cumais; nó
- neamhaird ar chomhthéacsanna áitiúla agus ar neamhspleáchas scoile.

In áit na nithe seo thuas, tá sé mar aidhm ag dearadh curaclaim ar mhórán eolais na mbunacmhainní a sholáthar a fhágann go bhfuil cruthaitheacht, réasúnaíocht, cumarsáid agus réiteach fadhbanna indéanta. Sainmhíníonn an curaclam cad é ba cheart do dhaltaí a fhoghlaim, ach leanann scoileanna de bhreithiúnas gairmiúil a chleachtadh maidir le stíl teagaisc agus leis an dóigh a bhfaigheann daltaí an fhoghlaim seo.

# An gaol idir eolas agus cumais

Ní mheasann an curaclam gur scileanna bunúsacha iad cumais is féidir a theagasc ar leithligh ó inneachar ábhar léinn. Ina áit sin, forbraítear cumais nuair a fhoghlaimíonn daltaí ó churaclam ar mhórán eolais. Tá sé mar aidhm ag an chur chuige seo na fadhbanna a sheachaint a bhaineann le scileanna bunúsacha a theagasc ar leithligh ó eolas agus ábhar. (Féach fosta: Treoir 7: Na cumais)

# Cén tionchar a d'fheadfadh a bheith aige seo ar scoileanna?

I gcás go leor scoileanna, d'fhéadfadh gnéithe de chur chuige ar mhórán eolais a bheith le feiceáil cheana féin i bpleanáil agus i dteagasc curaclaim.

Mar sin féin, d'fhéadfaí a iarraidh ar scoileanna níos minice na nithe seo a leanas a mheas:

- An bhfuil tú in ann t-eolas is tábhachtaí a aithint agus a mhíniú cad chuige?
- An bhfuil an stór focal riachtanach sainaitheanta go soiléir?
- An bhforbraítear an fhoghlaim go córasach le himeacht ama?
- An gcuireann an seicheamh leis an eolas a bhí ag na daltaí roimhe seo?
- An bhfuil bearnaí nó athbhreithniú gan ghá ann?
- Cé chomh héifeachtach is a choinníonn daltaí sa chuimhne an méid a fhoghlaimíonn siad?
- An bhfuil an curaclam pleanáilte i dtreo spriocanna deiridh uaillmhianacha don chéim lárnach?
- Cad é mar a fhorbraítear cumais fríd ábhar an churaclaim a theagasc go héifeachtach?

Is dócha go n-aistreofar an fócas ó mhéideanna móra ábhair neamhcheangailte a chlúdach agus i dtreo a chinntiú go bhforbróidh daltaí tuiscint chruinn ar an eolas is tábhachtaí taobh istigh de gach ábhar.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cé chomh fiúntach is atá an t-eolas inár gcuraclam reatha?
2. Cad iad na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag foghlaimeoirí leis an chur chuige seo?
3. Cad iad na deiseanna a thugann cur chuige ar mhórán eolais dúinn mar mhúinteoirí?
4. Cad iad na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith romhainn agus an cur chuige seo á chur i bhfeidhm againn?

# Príomhtheachtaireacht

**Cinntíonn curaclam ar mhórán eolais go bhfuil rochtain ag gach dalta ar an eolas, na coincheapa agus an stór focal a theastaíonn uathu ionas go n-éireoidh leo. Fríd eolas a dhéanamh soiléir, curtha in ord go cúramach agus ar fáil do gach foghlaimeoir, tá sé mar aidhm ag an churaclam atá beartaithe dul chun cinn a neartú, cothromas a fheabhsú agus bunús níos láidre a sholáthar le cumais, tuiscint agus foghlaim ar feadh an tsaoil a fhorbairt.**

# Léitheoireacht mholta

- Curaclam 2028: Páipéar achomair